Scileanna Nua a Mhúineadh do Leanaí

Is tusa an chéad mhúinteoir atá ag do leanbh agus an ceann is tábhachtaí. Gach lá cabhraíonn tú le do leanbh eolas, scileanna agus bealaí iompair nua a fhoghlaim.

Tá trí mhodh úsáideacha a bhféadfá a úsáid chun cabhrú le do leanbh gach rud a fhoghlaim, ó fhéinchúram bunúsach go scileanna sóisialta níos casta:

treoracha | céim ar chéim | eiseamláiriú

Sula dtosaíonn tú

Féach ar na leideanna seo a leanas a chabhróidh le do leanbh scileanna nua a fhoghlaim, is cuma cén modh a bhaineann tú úsáid as:

Sula dtosaíonn tú, bí cinnte go bhfuil do leanbh réidh leis an scil nua a fhoghlaim.

Smaoinigh ar an am. An bhfuil do leanbh aireach?

Smaoinigh ar an timpeallacht. An bhfuil do leanbh ag tabhairt airde?

Tabhair seans do do leanbh **an scil a chleachtadh**.

Tabhair misneach dó nó di.

Seachain a lán aiseolais dhiúltaigh nuair nach bhfuil an scil i gceart ag do leanbh.

Is féidir treoracha a thabhairt

Tugaimid treoracha dár leanaí an t-am ar fad. Agus tú ag múineadh scil nua dó nó di, seo na céimeanna a gcabhraíonn leis na treoracha a iompú ina bhfoghlaim:

Ná tabhair treoracha sula mbíonn aird do linbh ort. Bain úsáid as a (h)ainm, agus spreag do leanbh le féachaint ort agus tú ag labhairt.

Téigh síos ar aon leibhéal le do leanbh chun labhairt leis nó léi.

Bain aon rud a chuirfeadh isteach oraibh, cosúil leis an teilifís.

Úsáid focail a thuigeann do leanbh. Coinnigh na habairtí gearr agus simplí.

Bíodh do **ghlór soiléir agus socair**.

Ná tabhair ach treoir amháin ag an am, mar shampla; *'bain díot do chóta'*. Ansin *'croch do chóta'*.

Bain úsáid as comharthaí le go dtabharfadh do leanbh rudaí áirithe faoi deara.

Nuair atá cuimhne níos fearr ag do leanbh ar conas an tasc a dhéanamh, is féidir stopadh leis na treoracha agus an meabhrú diaidh ar ndiaidh.

Is féidir cur chuige céim ar chéim a úsáid

Bíonn roinnt tascanna nó gníomhaíochtaí casta nó bíonn sraith gníomhartha i gceist leo. Sa chás sin, is féidir an tasc a bhriseadh síos i gcéimeanna níos lú.

Is éard atá i gceist leis an múineadh céim ar chéim ná na céimeanna a bhaineann le scil a leagan amach céim ar chéim. Nuair atá an chéad chéim foghlamtha ag do leanbh, múin an chéad chéim eile dó nó di, an chéad cheann eile ina dhiaidh sin, agus araile.

Scil Shamplach – T-léine a chur air nó uirthi.

Is féidir an tasc a bhriseadh síos i gcéimeanna:

Cas an t-léine timpeall sa treo ceart.

Tarraing an t-léine **thar an gceann**.

Cuir **lámh amháin** tríthi.

Cuir an **lámh eile** tríthi.

Tarraing an t-léine **síos**.

Ná bog ar aghaidh go dtí an chéad scil eile go dtí go bhfuil an ceann seo foghlamtha ag an leanbh. Is féidir na céimeanna seo a úsáid do gach ball éadaigh – fobhríste a chur ort, ansin an bríste, an t-léine ina dhiaidh sin, ansin na stocaí agus na bróga ar deireadh.

Agus tú á spreagadh, bí sonrach leis nó léi *'Feicim go bhfuil stoca amháin curtha ort leat féin, bain triail as an gceann eile anois'*.

Is féidir bheith i d'eiseamláir do do pháiste

Trí bheith ag féachaint ort, foghlaimíonn do leanbh cad le déanamh agus conas é a dhéanamh.

De ghnáth is é an t-eiseamláiriú an bealach is éifeachtúla le scil nua a mhúineadh do leanaí. Mar shampla, is mó seans go dtaispeánfaidh tú dó nó di conas glanadh suas, liathróid a chaitheamh, bord a leagan, nó conas a lámha a ní, in áit treoracha a thabhairt.

Is féidir an t-eiseamláiriú a úsáid chomh maith le scileanna agus iompar a thaispeáint nuair a bhíonn cumarsáid neamhbhriathartha ag baint leo, cosúil le comharthaíocht choirp nó tuin chainte. Mar shampla, is féidir taispeáint do do leanbh conas féachaint ar dhaoine agus tú ag labhairt leo, nó conas féachaint sa tsúil agus miongháire a dhéanamh nuair atá tú ag tabhairt buíochais dóibh.

Is féidir na céimeanna agus an t-eiseamláiriú a úsáid le céile le scileanna sóisialta a fhorbairt. Mar shampla, má tá sibh ag súil le cuairteoir chuig an teach – déan cleachtadh ar cad a tharlóidh nuair a shroichfidh sé nó sí an teach.